

Scagthástáil le haghaidh ailse putóige

Na fíricí



Is leatsa an rogha páirt a ghlacadh i scagthástáil le haghaidh ailse putóige.

Má tá tú san aoisghrúpa incháilithe agus cláraithe le dochtúir teaghlaigh, tabharfar cuireadh scagthástála duit gach dhá bhliain.

Cuidíonn an t-eolas sin leat cinneadh a dhéanamh.

Cad chuige a ndéanfa scagthástáil le haghaidh ailse putóige?

- Cuireann muid scagthástáil ar fáil le hiarracht a dhéanamh comharthaí ailse putóige a aimsiú go luath nuair nach bhfuil aon chomhartha ann. Seo nuair is féidir le cóireáil a bheith níos éifeachtaí.
- Is féidir le scagadh polaipí a aimsiú fosta. Is meall de chealla neamhghnácha iad sin sa phutóg. Ní ailsí iad polaipí ach is féidir forbairt ina n-ailsí le himeacht ama. Is féidir polaipí a bhaint go furasta, rud a laghdaíonn an baol go bhforbróidh ailse putóige.
- Laghdaíonn scagthástáil rialta le haghaidh ailse putóige an baol go bhfaighidh tú bás ó ailse putóige.

Cad é an phutóg?

Is cuid de do chóras díleá é an phutóg. Tógann sé cothaithigh agus uisce ó bhia agus tiontaíonn sé an méid atá fágtha ina chac (faecas, fearadh nó gluaiseachtaí putóige).



Cad é ailse putóige?

- Tugtar ailse dróilainne, reicteach nó cholairicteach ar ailse putóige fosta.
- Beidh ailse putóige ar thart ar 1 as gach 20 duine ina saol.
- Is í ailse putóige an ceathrú cineál ailse is coitianta a fhaightear i measc fir agus mná i dTuaisceart Éireann.
- Tá ailse putóige níos coitianta i ndaoine níos sine, go háirithe fir.

Rioscaí a bhaineann le hailse putóige

Tá an baol ann go dtiocfaidh ailse putóige ar gach duine, is cuma cén inscne atá i gceist. I measc na rudaí a mhéadaíonn do riosca tá:

- ag dul in aois (tá 8 as gach 10 duine a diagnósíodh le hailse putóige os cionn 60);
- gan a bheith gníomhach go leor;
- a bheith róthrom;
- aiste bia atá ard i bhfeoil dhearg agus phróiseáilte agus íseal i snáithín, glasraí agus torthaí;
- caitheamh tobac;
- ag ól barraíocht alcóil;
- diaibéiteas chineál 2 a bheith ort;
- galar athlasta putóige a bheith ort (dróilainníteas othrasaithe nó galar Crohn);
- stair teaghlaigh d'ailse putóige.

Cad é a chuardaíonn an scagthástáil?

Braitheann an scagthástáil fuil i do chach (fuil nach dtabharfá faoi deara leis an tsúil). D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chomhartha rabhaidh luath go bhfuil rud éigin cearr. Má thagann an tástáil ar fhuiliú, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil ailse putóige ort go cinnte. Ní chiallaíonn sé ach gur chóir é seo a iniúchadh le cúis an fhuilithe a aimsiú.

Cad é mar a dhéantar scagthástáil?

Gheobhaidh tú trealamh tástála sa phost. Is é an trealamh an chéad chéim i bpróiseas scagthástála a bhféadfadh tuilleadh tástálacha agus nó cuairteanna ospidéal mar chuid di.

Cad é mar is féidir liom an tástáil a dhéanamh?

- Déantar an tástáil i bpríobháideacht do bhaile. Tógann tú sampla an-bheag de chac ag baint úsáid as an chipín tástála a chuirtear ar fáil. Tagann treoracha maidir leis an dóigh an tástáil a úsáid leis an trealamh tástála.
- Tá líne chabhrach saor in aisce ann **0800 015 2514** le glaoch air má tá aon cheist agat maidir leis an dóigh an trealamh tástála a úsáid nó má bhíonn tástáil athsholáthair nó clúdach fillte de dhíth ort.
- Tá físeán ar fáil fosta ag nidirect.gov.uk/bowel-screening
- Seol do threalamh tástála chuig an tsaotharlann scagthástála sa chlúdach réamhíoctha chomh luath agus is féidir. Déan cinnte go ndruidfidh tú an clúdach sula gcuirfidh tú sa bhosca poist é. D'fhéadfadh moilleanna ar do threalamh a thabhairt ar ais cosc a chur ar phróiseáil do shampla.
- Ná lig d'aon duine eile do threalamh a chomhlánú nó trealamh neamhúsáidte a sheoladh ar ais sa chlúdach réamhíoctha.
- Cuir glaoch ar an líne chabhrach mura bhfuil tú cinnte ar cheart duit an tástáil scagthástála a dhéanamh. Mar shampla, má bhí obráid agat agus má tá oscailt shaorga agat a ligeann do chac ón phutóg dul isteach i mála (stoma), b'fhéidir gurbh fhearr glaoch orainn sula gcríochnóidh tú an tástáil.

Cá huair a gheobhaidh mé mo thorthaí?

Ba chóir duit litir a fháil le do thorthaí laistigh de dhá sheachtain i ndiaidh duit an tástáil a sheoladh isteach – mura bhfaigheann, glaoigh ar an líne chabhrach.

Cé chomh hiontaofa is atá an tástáil?

- Ní féidir le tástáil scagthástála a rá an bhfuil ailse putóige ort. Níl ann ach daoine a shórtáil ina dhá ghrúpa – iad siúd nach bhfuil níos mó tástálacha de dhíth orthu agus iad siúd ar chóir dóibh tuilleadh tástálacha a dhéanamh.
- Is féidir le hailse putóige a bheith ina cúis le roinnt mhaith siomptóm. De réir mar a chuardaíonn an tástáil scagthástála fuil, tá seans nach n-aithneodh an tástáil scagthástála gach ailse putóige mura bhfuil aon fhuil ann.
- Níl aon tástáil 100% iontaofa, mar sin má tá aon cheann de na siomptóim atá liostaithe ar leathanach 7 ort, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir teaghlaigh, fiú má bhí do thástáil dheireanach soiléir. Is féidir ailse a fhorbairt idir tástálacha.

Cad a chiallaíonn na torthaí?

Níl aon tástáil bhreise de dhíth ag an am seo. Tá an toradh seo ag formhór na ndaoine (thart ar 98 as 100). Ciallaíonn sé nach dtáinig muid ar aon fhuil i do shampla, nó nach dtáinig ach ar mhéid beag bídeach atá taobh istigh den raon scagthástála. Ní chiallaíonn an toradh seo nach bhfuil ailse putóige ort, nó nach bhforbróidh sé choíche sa todhchaí. Tá sé an-tábhachtach a bheith ar an eolas faoi na siomptóim a bhaineann le hailse putóige. Tairgfear scagthástáil ailse putóige duit arís gach dhá bhliain go dtí go mbainfidh tú 74 amach.

Tuilleadh tástálacha de dhíth. Tá an toradh seo ag thart ar 2 as gach 100 duine. Ciallaíonn sé go dtáinig muid ar mhéid fola i do chac os cionn an raon scagthástála. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil ailse ort, ach ba chóir tuilleadh tástálacha a mheas le cúis na fola a lorg. Is féidir le roinnt rudaí a bheith ina gcúis le fuil sa chac, amhail:

- haemaróidí (fíocas);
- polaipí putóige;
- ailse putóige.

Glaofar ort dul chuig an Chleachtóir Speisialtóra Scagthástála le labhairt faoi na chéad chéimeanna eile. Tugtar ionscópacht ar an drólann ar an tástáil is coitianta.

Cad é ionscópacht ar an drólann?

- Úsáideann ionscópacht ar an drólann ceamara an-bheag ar dheireadh feadán tanaí le ligean don dochtúir nó don altra cuardach a dhéanamh ar aon pholaip nó comhartha ailse taobh istigh de do phutóg. Uaireanta tógtar sampla beag lena scrúdú faoi mhicreascóp le cealla ailse a lorg.
- Mar is amhlaidh le formhór na nósanna imeachta leighis, tá seans ann go dtarlódh deacrachtaí. I gcás gach 10,000 ionscópacht ar an drólann a dhéantar, d'fhéadfadh fuiliú tarlú i thart ar 67 acu, agus i níos lú ná 10 gcás d'fhéadfadh an nós imeachta an phutóg a bhréifniú. Má tharlaíonn sé sin, bíonn obráid de dhíth beagnach i gcónaí leis an pholl a dheisiú. I gcásanna an-annamh (tugann fianaise le fios chomh beag le 1 as 10,000 cás), is féidir bás a bheith mar thoradh ar ionscópacht ar an drólann.
- Má thairgtear ionscópacht ar an drólann duit, beidh deis agat aon cheist nó inní a phlé leis an Chleachtóir.

Cad é a tharlaíonn má léiríonn an ionscópacht ar an drólann go bhfuil níos mó cóireála de dhíth orm?

Má bhíonn cóireáil bhreise de dhíth ort, seolfar thú chuig cibé speisialtóir atá oiriúnach duitse. Mar shampla, dá mbainfí polaipí ag ionscópacht ar an drólann, d'fhéadfaí go mbeadh ort teacht ar ais le haghaidh ionscópacht ar an drólann arís sa todhchaí.

Ní dócha go ndéanfar diagnóis ar ailse putóige. Ach má tharlaíonn sé, atreoróidh muid thú chuig foireann speisialtóirí a thabharfaidh aire duit. Is é an phríomhchóireáil le haghaidh ailse putóige ná máinliacht. I roinnt cásanna, féadfaidh na speisialtóirí ceimiteiripe nó radaiteiripe a thairiscint duit.

Níl gach ailse putóige a fhaightear ag scagthástáil leigheasta. Ach i gcás daoine a bhfuil ailse putóige orthu a aimsíodh ag an chéim is luaithe, tá níos mó ná 90% go fóill beo cúig bliana ina dhiaidh sin.

Buntáistí agus rioscaí féideartha de scagthástáil ailse putóige

Is féidir eolas faoi na rioscaí agus na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann cuidiú leat cinneadh a dhéanamh páirt nó gan páirt a ghlacadh i scagthástáil ailse putóige.

Buntáistí

- laghdaíonn sé an baol go bhfaighidh tú bás ó ailse putóige
- ligeann sé do mínormáltachtaí (mar shampla polaipí) a fhaightear ag ionscópacht ar an drólann a bhaint, rud a laghdaíonn an baol go bhforbróidh ailse putóige
- is féidir é a chomhlánú sa bhaile go príobháideach

Rioscaí

- d'fhéadfadh cóireáil a bheith ina cúis le deacrachtaí, mar shampla le linn nó i ndiaidh ionscópacht ar an drólann
- d'fhéadfadh scagthástáil ailse a chailleadh mura raibh sé ag cur fola nuair a chríochnaigh tú an tástáil

Cad iad na siomptóim le súil a choinneáil orthu

I measc na siomptóm ailse putóige, tá:

- athruithe i do nós putóige ó do ghnáthghnáthamh;
- fuil i do chac, d'fhéadfadh cuma dhearg nó dhubh a bheith air;
- cac níos scaoilte, ag dul chuig an leithreas níos minice agus/nó iatacht;
- ag cur fola ó do thóin;
- ag mothú go minic go gcaithfidh tú cac a dhéanamh, fiú má bhí tú díreach ag an leithreas;
- pian nó cnap i do bholg;
- bolg ata;
- ag mothú níos tuirsí ná mar is gnách ar feadh tamaill;
- meáchan a chailleadh gan aon chúis shoiléir.

Ní tástáil le haghaidh siomptóm é scagthástáil le haghaidh ailse putóige. Má bhí aon cheann de na siomptóim seo ort ar feadh trí seachtaine nó níos mó, labhair le do dhochtúir teaghlaigh, ar féidir leis tástáil eile a chur ar fáil. Tá sé seo an-tábhachtach lena chinntiú gur féidir tuilleadh tástálacha a eagrú más gá. Fiú má bhí scagthástáil le haghaidh ailse putóige agus/nó ionscópacht ar an drólann agat le déanaí, ba cheart duit do chuid siomptóm a sheiceáil go fóill. Cuimhnigh nach gá go gciallódh na siomptóim seo go bhfuil ailse putóige ort.

Cad é mar is féidir liom mo riosca ailse putóige a laghdú?

Chomh maith leis an tástáil scagthástála a dhéanamh gach dhá bhliain, is féidir leat do riosca a laghdú trí chomhairle a leanúint maidir le stíl mhaireachtála shláintiúil – faigh tuilleadh eolais ag www.choosetolivebetter.com

- Ith aiste bia shláintiúil, lena n-áirítear cúig chuid de thorthaí agus glasraí in aghaidh an lae, agus bia slánghráinneach, pónairí agus piseánach le haghaidh snáithín. Cuir teorainn le feoil dhearg, go háirithe feoil dhearg phróiseáilte.
- Bí gníomhach.
- Coinnigh meáchan sláintiúil.
- Cuir teorainn le d'iontógáil alcóil.
- Ná caith tobac – le cuidiú a fháil féach www.stopsmokingni.info

Cad é mar is féidir liom a chinntiú go seolfar trealamh tástála dom amach anseo?

Tugann do chleachtas DG do shonraí teagmhála dúinn, mar sin déan cinnte go mbíonn d'ainm, do dháta breithe agus do sheoladh ceart acu i gcónaí.

Cad é a tharlaíonn do mo shampla nuair a dhéantar tástáil air?

Nuair a thástálfar do shampla, scriosfar é. Cuirfear na torthaí isteach i ríomhaire, agus seolfar tástáil eile chugat i gceann dhá bhliain.

Eolas faoi chosaint sonraí

- Seolfar cóip de do thorthaí chuig do dhochtúir teaghlaigh.
- Ní mór don Chlár Scagthástála Ailse Putóige taifid a choinneáil ar gach duine a ndearnadh scagthástáil orthu agus ar a dtorthaí.
- Is féidir le baill foirne atá ag obair don chlár do thaifid a fheiceáil agus a athbhreithniú.
- Baintear úsáid as an eolas seo lena chinntiú go bhfuil an clár ag obair ar an chaidreamh is airde.
- Taispeánann an t-eolas fosta líon na gcás ailse a tógadh agus cinntíonn sé go ndéantar seiceáil ar dhaoine leis an chóireáil chuí.
- Is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar do thorthaí scagthástála roimhe seo má dhéantar diagnóis ort le hailse putóige idir coinní scagthástála. Beidh tú ábalta torthaí an iniúchta seo a fheiceáil más mian leat.
- Má bhíonn tuilleadh eolais de dhíth ort faoin dóigh a gcoimeádtar agus a n-úsáidtear do thaifid, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an líne chabhrach saor in aisce ar **0800 015 2514**.

An mbeidh tú ag cuidiú le duine éigin an tástáil a úsáid?

Más cúramóir tú, níor cheart duit cuidiú le duine eile an treamh tástála scagthástála putóige a úsáid ach amháin más mian leis é sin a dhéanamh agus má d'aontaigh sé gur féidir leat é seo a dhéanamh.

Má thugann tú aire do dhuine nach bhfuil sé de chumas air toiliú a thabhairt le páirt a ghlacadh sa scagthástáil, ba chóir duit labhairt le dochtúir teaghlaigh an duine le cinneadh a dhéanamh an bhfuil scagthástáil lena leas.



Chun cuidiú nó comhairle a fháil

Téigh i dteagmháil leis an líne chabhrach saor in aisce ar **0800 015 2514** má bhíonn aon cheist agat.

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar:

nidirect.gov.uk/bowel-screening

Leis an bhileog seo a fháil i dteanga nó i bhformáid eile, tabhair cuairt ar:

<http://pha.site/bowel-cancer-screening-facts>

nó leathanach cúil na bileoige seo.

Dóibh siúd atá bodhar nó lagurlabhra, is féidir Relay UK a úsáid. Glaoigh ar ár líne chabhrach ar **18001 0800 015 2514**.

Tá tuilleadh eolais dóibh siúd atá trasinscneach, neamhdhénártha agus solúbtha ó thaobh inscne de ar fáil ag

www.pha.site/screeningleaflet

Le haghaidh trealamh athsholáthair

Téigh i dteagmháil leis an líne chabhrach saor in aisce ar 0800 015 2514 más gá duit trealamh tástála nó clúdach athsholáthair scagthástála putóige a iarraidh.

Ná déan teagmháil le do chleachtas DG le haghaidh tástála scagthástála athsholáthair nó le do thástáil scagthástála a thabhairt ar ais, toisc nach féidir leo na trealamh tástála scagthástála seo a sholáthar nó glacadh leo.

Rogha an díúltaithe as an scagthástáil


Is rogha phearsanta é páirt a ghlacadh sa scagthástáil. Téigh i dteagmháil leis an líne chabhrach saor in aisce ar **0800 015 2514** más mian leat plé a dhéanamh ar dhiúltú don chlár scagthástála ailse putóige.



Leis an bhileog seo a fháil i dteanga nó i bhformáid eile, tabhair cuairt ar:

<http://pha.site/bowel-cancer-screening-facts>

nó scan an cód QR thíos.



Public Health Agency

12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.

Teileafón: 03005550114 (ráta áitiúil).

www.publichealth.hscni.net

Aimsigh muid ar:

